Nós Imeachta i leith Iarratais d'Fhochéimithe ar PAC.

Tabhair do d'aire, led' thoil, gur gá duit seoladh r-phost pearsanta a bheith agat chun iarratas ar-líne a dhéanamh. Mura bhfuil r-phost pearsanta agat, tig leat clárú do cheann saor in aisce le hiliomad soláthróirí difriúla. Orthu seo tá www.google.ie, www.hotmail.com, www.ireland.com nó aon soláthróir is rogha leat.

1. Logáil isteach ar www.pac.ie

2. Chun teacht ar shuíomh gréasáin PAC as Gaeilge, cliceáil ar an gcnaipe As Gaeilge ar bharr an leathnaigh baile.

3. Ón mbosca a liostálann na hInstitiúidí ar dheis, cliceáil ar Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

4. Agus tú ag baint úsáide as PAC don chéad uair, is gá duit do chuntas r-phoist agus do phasfhocal a chlárú. Sa bhosca ar dheis Logáil Isteach ar PAC, scrollaigh síos agus cliceáil ar an bhfocal Cláraigh anseo . Lorgófar do shonraí uait agus nuair a bheidh siad comhlánaithe agat, brúigh ar an gcnaipe Cuir ar aghaidh .

5. Chun logáil isteach ar PAC agus tú cláraithe – ón mbosca Logáil Isteach ar PAC ar dheis – líon isteach do sheoladh r-phost agus do phasfhocal agus ansin cliceáil ar an gcnaipe Login

6. Ón mbosca Mo PAC ar dheis, cliceáil ar Iarratas agus ansin ar Undergraduate

7. Caithfidh iarratasóirí na treoracha agus na téarmaí agus na coinníollacha a léamh ar an leathanach seo sula dtosaíonn siad ar an iarratas. Cliceáil ar an bhfocal cuí a bhfuil líne faoi agus scrollaigh síos an leathanach chun féachaint orthu. Cuir tic sa dá ticbhosca nuair a bheidh tú réidh.

8. Ansin brúigh ar an gcnaipe Tosaigh an t-Iarratas

9. Tá dhá leathanach san fhoirm iarratais le haghaidh fochéimithe, agus caithfidh gach iarratasóir é a líonadh isteach. Lorgaítear ar an gcéad leathanach eolas mar Ainm, Sloinne, Dáta Breithe, Náisiúntacht, Uimhir PPS, Institiúid Oideachais is Deireanaí agus Stádas an Iarratais.

10. Ní mór d'iarratasóirí Cód an Chúrsa a líonadh isteach ar Leathanach 1 den fhoirm iarratais. Mura bhfuil an cód seo ar eolas agat, cliceáil ar an gcnaipe liath Cóid na gCúrsaí agus roghnaigh an roinn chuí. Ansin cliceáil ar Lean ar aghaidh leis an iarratas. Déan nóta den chód agus fill arís ar an bhfoirm iarratais trí chliceáil ar an X ar bharr an leathanaigh. Tig le hiarratasóirí ráiteas pearsanta a thabhairt ar leathanach 1 más gá. Is féidir le hiarratasóirí ráiteas pearsanta a phriontáil/a scríobh agus é a chur ar aghaidh go dtí PAC tríd an bpost.

11. Lorgaítear sonraí ar an dara leathanach maidir le hoideachas agus traenáil faighte go dtí seo, agus aon taithí a bhaineann le hábhar. Más gá moltóirí a lua don chúrsa atá roghnaithe agat tá bosca ann dó sin ar leathanach 2 den fhoirm.

12. Agus an fhoirm comhlánaithe agat, ní mór duit dul ar aghaidh agus an táille iarratais (€37) a íoc. Moltar d'iarratasóirí an táille a íoc le cárta léasair nó creidmheasa mar baineann táille láimhseála (€8) le táillí a íoctar le seic nó ordú poist. Mura bhfuil cárta creidmheasa pearsanta agat is féidir dearbhán réamhíoctha Visa a cheannach. Is féidir teacht ar liosta díoltóirí ag www.3v.ie.

Sa chás go mbíonn deacracht agat d'iarratas a sheoladh ar líne, tig leat teacht go Má Nuad ar dhátaí áirithe agus an fhoirm a líonadh le cabhair ó fhoireann an Choláiste. Bí cinnte go mbeireann tú leat go Má Nuad gach a bhfuil uait: cóip de do theastas breithe nó pas, cóip de do Theastas Ardteistiméireachta nó teastas FETAC más gá, dhá theistiméireacht comhlánaithe maille le sonraí teagmhála moltóirí, carta creidmheasa chun an táille a íoc nó seic/ordú poist. Glaoigh ar 01 7083813 chun socrú a dhéanamh

Nóta le haghaidh iarratasóirí gur fochéimithe iad: Tá cead faighte ag Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ó PAC (a fheidhmíonn go príomha le haghaidh iarratas ó iarchéimithe) chun úsáid a bhaint as a gcóras leictreonach siúd le haghaidh cúrsaí d'fhochéimithe nach nglacann an CAO (an príomhchóras d'iarratais ó fhochéimithe) leo de ghnáth. Ná cuireadh na tagairtí do staidéar iarchéime ar leathanach baile an PAC, ná cuireadh sé sin as duit. Tá foirm iarratais ar leith ag PAC a oireann d'iarratasóirí gur fochéimithe iad.